C/2025/4667

19.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12113 — TRILANTIC / DIRELEC GROUP / SKLUM / THE MASIE / CREATE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4667)

1. An 6 Lúnasa 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Trilantic Europe VI GP S.à r.l. ('Trilantic') (Lucsamburg),

— Direlec Group S.L. ('Direlec Group') (an Spáinn),

— Sklum Home agus Deco S.L.U. ('Sklum') (an Spáinn),

— Proceed Your Commerce S.L.U. ('The Masie') (an Spáinn),

— Woods & Go Design S.L.U. ('Create') (an Spáinn).

Gheobhaidh Trilantic agus Direlec Group rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sklum, The Masie, agus Create.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Trilantic atá dírithe ar an deighleog mheánmhargaidh ar fud na hEorpa,

— Is cuideachta sealbhaíochta é Direlec Group, S.L. ('Direlec Group') atá faoi rialú beirt daoine aonair, Issac Catalá Torres agus Roberto Gómez Savall.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na spriocghnóthas:

— Is cuideachta é Sklum atá speisialaithe i ndearadh, i dtáirgeadh agus i miondíol ar líne troscán nua-aimseartha agus earraí maisiúcháin baile. Cuireann sé réimse táirgí ar fáil, lena n-áirítear troscáin, soilsiú, agus gabhálais mhaisiúla,

— Is cuideachta é Masie atá speisialaithe i ndearadh, i dtáirgeadh agus i miondíol ar líne troscán nua-aimseartha agus earraí maisiúcháin baile. Cuireann sé réimse táirgí ar fáil, lena n-áirítear troscáin, soilsiú, agus gabhálais mhaisiúla,

— Is cuideachta é Create atá speisialaithe i ndearadh, táirgeadh agus miondíol ar líne fearas beag tí agus earraí maisiúcháin baile. Cuireann sé réimse táirgí ar fáil, lena n-áirítear earraí cistine agus fearais chistine, fearais chúraim phearsanta, leictreonaic bheag, gaothráin agus réitigh bheaga aerchóirithe, agus gabhálais mhaisiúla.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12113 — TRILANTIC / DIRELEC GROUP / SKLUM / THE MASIE / CREATE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË